Eagrán 17
*Eanáir 2020*

# JCToday

## Fáilte



Fáilte go dtí Eagrán 17 de *JCToday*, an chéad cheann sna fichidí nua seo.

San eagrán seo, léirímid roinnt forbairtí nuálacha i gcláir na sraithe sóisearaí ag scoileanna. Tá súil againn go mbainfidh sibh sult as a bheith á léamh.

an t-eagrán seo


| | |
|---|---|
| Gearrchúrsaí | l.2 |
| An Tionscadal Céim Suas | l.4 |
| CFL2nna | l.6 |
| ETI(E)M | l.8 |
| Uasdátú Oideachas Reiligiúin | l.10 |
| Acmhainní do Thuismitheoirí | l.11 |

Cé go mbíonn i bhfad níos mó ar siúl i scoileanna ná an tsraith shóisearach, is beag gné de shaol na scoile nach dtéann an tsraith shóisearach i gcion uirthi. In SSM, oibrímid go dian le cabhrú le scoileanna an tsraith shóisearach leasaithe a leabú agus ar an iomlán táimid fíorshásta leis an aiseolas a fhaighimid ó cheannairí scoile agus ó mhúinteoirí. Tá ár suíomh gréasáin www.jct.ie ag éirí níos tarraingtí in aghaidh an lae agus chóir a bheith 2 mhilliún amas ar taifead in 2019. Táimid buíoch do gach duine a logáil isteach agus tá súil againn go mbíonn ár gcuid acmhainní tairbheach agaibh. Fáiltímid i gcónaí roimh bhur gcuid aiseolais agus féachfaimid le gach ceist a fhreagairt a bhaineann leis an tsraith shóisearach. Is féidir r-phost a chur chugainn ag at info@jct.ie.


Ag guí gach rath ar gach duine sa téarma atá romhainn.

**An Dr. Pádraig Kirk**
**Stiúrthóir, FGL don tSraith Shóisearach**

Buíochas mór le gach duine den 942 Príomhoide/Leas-Phríomhoide a d'fhreastail ar cheann dár 44 Imeacht FGL do cheannairí scoile ar phleanáil do Chlár Folláine na Sraithe Sóisearaí. Le haghaidh breis eolais cliceáil ar an íomhá.




Tá teacht ar Lámhleabhar Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS) do 2019 ach cliceáil ar an íomhá.




Faightear tacaíocht trí r-phost a chur chuig info@jct.ie nó jcpa@education.gov.ie.

### Tacaí FGL don Scoil Uile

Thug an Fhoireann don Scoil Uile seisiúin FGL in 455 ia-bhunscoil idir mall i mí Lúnasa agus deireadh mhí na Nollag 2019. Tá trí lá féideartha FGL le roghnú astu:

- Conair an Teagaisc, na Foghlama, an Mheasúnaithe agus an Tuairiscithe (TFMT)
- Conair an Churaclaim i gCómhthéacs
- Conair na hIonchuimsitheachta

Tá an Fhoireann FGL don Scoil Uile comhdhéanta de Chinn Foirne, Comhairleoirí agus Comhlaigh pháirtaimseartha. Gabhaimid buíochas leis na Príomhoidí scoile agus lena mBoird Bhainistíochta as cead a thabhairt do Chomhlaigh a bheith ag obair linn. Is iomaí rud dearfach a thugann Comhlaigh ar ais chun na scoile, ina measc eolas agus tuiscint níos fearr ar an gCreat don tSraith Shóisearach, cabhair i leith dea-chleachtas a leabú ina scoil agus scileanna éascaithe forbartha, ionas gurb iad féin a stiúrfaidh FGL scoilbhunaithe ina gcomhthéacs féin.

In Earrach 2020, déanfaidh Foireann FGL na Scoile Uile athbhreithniú ar an aiseolas go dtí seo chun an chéad lá eile don Scoil Uile a fhorbairt.

Is iomaí ceist a fhreagraíonn na Cinn Foirne agus na Comhairleoirí trí r-phost agus ar an bhfón. Fáiltímid rompu sin agus tugaimid freagra orthu a luaithe agus is féidir. Leanfaidh siad de na cuairteanna agus den tacaíocht scoile i dtaca leis na fiosrúcháin ar leith a fhaightear faoin tsraith shóisearach.




*Croí-théamaí is ea iad an machnamh agus an comhoibriú ar chonair an Churaclaim i gComhthéacs.*

# Gearrchúrsa a Chruthú – Turas Scoil Amháin

Rinne **Coláiste Abbáin,** iar-bhunscoil Mhaigh Arnaí, i Loch Garman a ghearrchúrsa féin a fhorbairt sa Talmhaíocht agus san Fhéinchothaitheacht chun freastal ar riachtanais mhéadaithe a gcomhphobail áitiúil agus a gcuid scoláirí. Ag Coláiste Abbáin is é Dean O'Connor an múinteoir Tacaíocht Foghlama agus Staidéar Gnó atá i gceann an Ghearrchúrsa.

Is ina rang tacaíocht foghlama a fréamhaíodh a chúrsa Talmhaíochta agus Féinchothaitheachta an chéad lá riamh. "Tá cúlra feirmeoireachta agam féin agus ba mhian liom m'ábhair spéise féin a thabhairt isteach sa seomra ranga go bhfeicfinn an mbeadh spéis ag na scoláirí sa rud," ar seisean. "Dhá bhliain ó shin, rinne muid tionscadail ar shicíní a chur ar gor agus a thógáil. Chonaic muid mar sin próiseas iomlán an ghoir agus thóg muid na cearca ar scoil.''

Lean Dean de sin anuraidh nuair a thosaigh sé Club Talmhaíochta agus Gairneoireachta ag am lóin a mheall breis is 60 ball. Ba é an rud is mó a thaitin le scoláirí sa bhliain acadúil an turas allamuigh chuig Cill an Dátúnaigh don chaint agus siúlóid feirme Agra-Fheasachta. Anuraidh, bhí 14 shicín ag na scoláirí a thóg siad ar láthair na scoile. Thug an t-airíoch Tommy Buckley aire do na circíní i rith an tsamhraidh. D'fhás na scoláirí glasraí freisin i bpolathollán na scoile.

Deir an tUas. O Connor, "Bhí na scoláirí freagrach as gach rud agus b'éigean dóibh a chinntiú go raibh an táirge sách maith i gcomhair Aonach Ceardaíochta na Nollag, a bheas ann arís i mbliana ar 6 Nollaig". Baineann ceaintín na scoile úsáid freisin as an táirge agus rinne siad urraíocht fiú amháin ar phlandaí amhail an leitís chun go mbeadh soláthar reatha acu féin.



Tar éis teagmháil a dhéanamh le Agrai-Fheasacht d'éirigh cainteanna agus siúlóidí feirme ina gcuid de ghníomhaíocht an chlub. Mheas Dean go mbeadh sé "iontach é uile a cheangal síos" agus is amhlaidh a tosaíodh ar a ghearrchúrsa i Meitheamh 2019 go mbeadh sé réidh don bhliain acadúil nua i gColáiste Abbáin. Scoláirí a dhéanann an gearrchúrsa seo, foghlaimíonn siad faoin Talmhaíocht, Gairneoireacht agus Neamhthuilleamaíocht ina ndéantar iarracht meas a chothú don timpeallacht nádúrtha, agus bíonn aird ar ghairmeacha amach anseo amhail agrathurasóireacht. Tacaíonn an scoil leis sin trí naisc láidre traschuraclaim leis an Staidéar Gnó agus leis an Eacnamaíocht Bhaile.



"Is mian liom dúil agus grá a spreagadh sna scoláirí don talmhaíocht, lena chur ar a gcumas scileanna feadh an tsaoil a fhoghlaim," arsa Dean a thosaigh Agrachlub sa scoil freisin.

Déanfar scoláirí a mheas ar chúig dhóigh: láithreoireacht ó bhéal, dialann mhachnaimh, measúnuithe praiticiúla agus scríofa – lena n-áirítear tionscadal ar fhiontar feirme dá rogha féin agus póstaeir ar ghnéithe éagsúla den chúrsa.

Mhínigh Dean gurb é aidhm an chúrsa blaiseadh a thabhairt do scoláirí ar an talmhaíocht, gairneoireacht, agus neamhthuilleamaíocht agus tuiscint a bheith acu ar an timpeallacht nádúrtha. Is ó fheirm mhairteola san Abhallort, Co. Loch Garman é Dean.

"Tá gnéithe éagsúla den mheasúnú agam ann, ar an iomlán beidh scrúdú gear ag deireadh an tríú bliain. Tá dhá mheasúnú rangbhunaithe ann, ceann amháin sa dara bliain agus ceann eile sa tríú bliain. Is láithreoireacht ó bhéal an ceann sa dara bliain; is tionscadal ar fheirm é an ceann sa tríú bliain. Ní mór dóibh díriú ar fhiontar feirmeoireachta amháin," arsa Dean. Dhá bhliain ó shin, rinne muid tionscadail ar chearca dár gcuid féin a chur ar gor agus a thógáil. "Coinníonn mo scoláirí dialann den rud a dhéanann siad gach lá don dialann mhachnaimh."

Tógann an scoil scoláirí ar bailli ad den Agrachlub chuig feirmeacha sa chomharsanacht i Maigh Arnaí agus ar thurais chuig

Ag lainseáil an chúrsa úir ar 22 Samhain, bhí go leor stainníní ó agraghnólachtaí áitiúla i halla na scoile. Dúirt scoláire amháin go bhfuair sí amach nuair a bheas sí 16 go mbeidh sí in ann obair a dhéanamh leis an tSeirbhís um Fhaoiseamh Feirmeoireachta agus go bhfuil sí ag súil leis sin an samhradh seo chugainn.

Dúirt an tAire Stáit Paul Kehoe, a bhí i láthair don lá, go raibh sé "ríméadach go raibh an fhís agus an misneach ag Coláiste Abbáin rogha nua a thabhairt do scoláirí."

"Agus muid ag caint, tá scoláirí ar fud na tire ag suí scrúduithe i Mata, Béarla, Gaeilge, Fraincis, Gearmáinis, Eolaíocht agus a lán ábhar eile. Bíodh is go bhfuil na hábhair sin ina gcroí-ábhair an-tábhachtach agus go mbaineann siad uile le bheith i do scoláire, tá sibhse [i gColáiste Abbáin] ag fail eispéireas iomlán éagsúil, eispéireas fíorthábhachtach. Is cuma cé acu feirmeoireacht, foraoiseacht nó iascaireacht, tá an talmhaíocht chomh tábhachtach sin do bhailte agus do shráidbhailte ar fud Loch Garman agus ar fud na tire seo".

Cliceáil anseo leis an tuairisc iomlán a léamh sa *Farmers Journal.*

Cliceáil anseo le haghaidh breis eolais ar ghearrchúrsaí.

Breathnaigh ar na naisc seo a leanas chun níos mó eolais a fháil ar ghearrchúrsaí a fhorbairt.

Do Ghearrchúrsa Féin a Fhorbairt

Pleanáil chun Gearrchúrsaí a Chur san Áireamh








C go D: An Múinteoir Dean O'Connor; Michael Doran (Cónaidhm Phórú Eallaigh na hÉireann); an TD James Browne; an Príomhoide John Nolan; an scoláire Colette Wall; an tAire Stáit Paul Kehoe; Enda Byrne (SSM); iarrthóir Uachtaránacht CFÉ Angus Woods agus an leas-Phríomhoide Lorraine Simmons.

# An Tionscadal Céim Suas




Is é aidhm uileghabhálach an Tionscadail Céim Suas cabhrú le scoileanna a mheasann iad féin a bheith cheana ag leibhéal éifeachtach cleachtais, bogadh i dtreo leibhéal an-éifeachtach i gcur i bhfeidhm an Chreata don tSraith Shóisearach. Sa tslí sin, cuirfidh siad feabhas ar thorthaí foghlama do dhaoine óga. Tá an naoi scoil ar fud na tire atá páirteach sa tionscadal ag leanúint cur chuige féinmheastóireacht scoile (FSS) san athbhreithniú acu ar fheidhmiú reatha an Chreata i gceann amháin nó níos mó de thrí réimse sainábhar: Béarla, Staidéar Gnó agus Eolaíocht.


Tá réimsí le feabhsú aimsithe ag na scoileanna sa tionscadal agus tá an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí (SSM) mar aon leis an gCigireacht ag cabhrú leo bearta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm a dtiocfaidh feabhas astu sa réimse / sna réimsí áirithe a roghnaigh siad.

Reáchtáladh dhá cheardlann i mBaile Átha Luain i mí Dheireadh Fómhair agus scoileanna ag pleanáil an dara bliain s'acu den tionscadal. Bhain gach duine a d'fhreastail ar na laethanta tairbhe mhór as an deis a bhí ag na naoi scoil a gcuid scéalta a chomhroinnt. Is eispéireas an-suimiúil é freisin do na Cinn Foirne le SSM agus do na Cigirí atá páirteach, mar go gcaitheann siad am le scoileanna ag plé cúrsaí, go háirithe *Ag Breathnú ar an Scoil Againne, 2016,* ráitis ar an gcleachtas éifeachtach agus ar an gcleachtas fíoréifeachtach. Ceann de phríomhghnéithe an ceardlainne in Áth Luain ab ea fiafraí de scoileanna conas a bheartaigh siad a gcuid foghlama ón togra a roinnt le scoileanna eile ar fud na tire atá ag iarraidh céim suas a ghlacadh ón gcleachtas éifeachtach go fíoréifeachtach. Chuige sin, tharraing gach scoil meabhairmhapa mór ag úsáid an teimpléid thíos mar threoir gharbh. Ba dhóigh iontach í sin freisin ag scoileanna a scéalta a roinnt lena chéile ar an lá.




Tugann an tionscadal Céim Suas de chuid an Chiste Sármhaitheasa Scoile (CSS) deis d'iar-bhunscoileanna a bheith rannpháirteach i dtionscadail nuálacha atá sainiúil ó thaobh comhthéacs agus dírithe ar thorthaí foghlama a fheabhsú do dhaoine óga.

Tá naoi scoil ar fud na tíre páirteach faoi láthair sa triail phíolótach den Tionscadal Céim Suas.



# An Tionscadal Céim Suas

Caitheadh cuid den cheardlann ag plé le tuarascáil taighde: ‘Comhphobail Foghlama Ghairmiúla a Chruthú agus a Chothú’ (Bolam et al, 2005). Bhí an plé ar an bpáipéar seo bunaithe ar an tuiscint ‘Nach í an sprioc ‘a bheith in bhur gcomhphobal foghlama gairmiúil’ (Morrisey, 2000), ach gur príomhchuspóir comhphobail foghlama ghairmiúla éifeachtúlacht na foirne mar ghairmithe a fheabhsú, ar mhaithe le leas na scoláirí ar deireadh’ (Bolam et al, 2005 l.10). I rith an Tionscadail Céim Suas, bhí sé tábhachtach dul siar arís is arís chuig an réasúnaíocht a bhí taobh their den togra, atá bunaithe ar thorthaí foghlama níos fearr a bhaint amach do dhaoine óga. Is é sin ceann de na príomhtheachtaireachtaí a scaipfear ar scoileanna mar fhoghlaim ón tionscadal seo.

**Cliceáil ar an nasc seo chun gearrthóg bheag a fheiceáil den cheardlann a reáchtáladh i mBaile Átha Luain ar an 17 Deireadh Fómhair.**

Faoi láthair, tá cuairteanna tacaíochta ag scoileanna óna nasc-Chomhairleoir SSM agus a nasc-Chigire ROS. Tá a gcuid pleananna chun bliain a dó a chur i bhfeidhm socraithe anois agus á gcur in áit. Ba dhíol spéise é an chomhfhoghlaim a fheiceáil ó na scoileanna uile agus an tábhacht a bhain le fócas cúng a bheith acu. D’aithin roinnt de na scoileanna gur shocraigh siad ar fhócas róleathan i mbliain a haon den togra agus gur gá an fócas a chúngú chun athrú éifeachtach agus inbhuanaithe a dhéanamh maidir le teagasc agus foghlaim ina scoil.

**Roinnt ráiteas ó cheannairí agus ó mhúinteoirí scoile atá páirteach sa Tionscadal Céim Suas**

“D’fhonn bonn eolais a chur faoin gcéad chéim eile dár dtogra, thaifead muid ár scoláirí agus iad ag machnamh, rinne muid é sin sa seomra ranga. Thóg muid scoláirí amach agus d’fhiafraigh díobh: An síleann sibh gur fiú é seo? Ar chóir dúinn é a dhéanamh arís an chéad bhliain eile?”

“Ba dhóigh iontach dúinne é, leis na trí réimse ábhair, smaointe difriúla a roinnt, agus a fheiceáil cad é a d’oibrigh go maith laistigh de roinn ábhair.”

“Tríd an ardán SchoolWise sa scoil againn, shuigh muid síos, a phleanáil ar líne chun an Chéim Suas a thabhairt isteach le chéile.”

“Rinne sé seo mo shúile dom…is mó a bhaineann sé leis na modheolaíochtaí teagaisc agus foghlama a thig linn a roinnt trasna na n-ábhar difriúil…ag briseadh síos na gnéithe cáilíochtaí, ag comhthógáil critéir ratha, straitéisí aiseolais, tuismitheoirí a thabhairt isteach. Ba thoradh foghlama é sin nach raibh súil ar bith leis.”

“Chuaigh siad amach agus chuir na ceisteanna. Agus is iad seo roinnt de na príomhréimsí a aithníodh: an gá le deis a fháil machnamh ar an bhfoghlaim; an gá le scoláirí a chur i lár an eispéiris fhoghlama; eispéiris foghlama níos saibhre a thabhairt dóibh; soiléire laistigh de na ceachtanna féin.”

“Ba rud mór dúinne é cabhrú le scoláirí naisc a dhéanamh idir na trí ábhair, Béarla, Staidéar Gnó agus Eolaíocht.”

“Tá múinteoirí ag aithint anois cad é na riachtanais atá acu.”

“Chuidigh sé liomsa eispéiris scoláirí a thuiscint i réimsí difriúla ábhair. Ach fosta, ó pheirspictíocht an mhúinteora, cad chuige go díreach a mbíonn siad ag úsáid straitéisí áirithe agus cad é go díreach a bhíonn siad a dhéanamh.”

# CFL2nna i suíomh scoil speisialta

*Is é Don Golden Príomhoide Scoil Bernadette, Bonnington, Montenotte, Corcaigh. San alt seo, déanann se machnamh ar CFL2nna a bheith á dtabhairt isteach ina scoil.*

Agus mé ag obair mar mhúinteoir ar feadh deich mbliana i suíomh Scoil Speisialta rinneadh ball díom de ghrúpa oibre a chabhraigh le dearadh agus le forbairt na CFL2nna don Chomhairle Náisiúnta Churaclaim agus Measúnachta (CNCM) agus níos moille anonn bhí mé i mo Chomhlach agus i mo Chomhairleoir leis an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí (SSM) agus rinne mé éascaíocht ar fhorbairt ghairmiúil múinteoirí i scoileanna ar fud na tíre. Anois, agus me i mo Phríomhoide ar scoil speisialta, feicim an chaoi a mbíonn na CFL2nna ag leagan dúshraith bhunúsach i gcomhair soláthar curaclaim dár scoláirí agus an chaoi a gcuireann sé le hionchuimsitheacht sa chóras oideachais príomhshrutha. Is Scoil Speisialta í Scoil Bernadette i gCathair Chorcaí do scoláirí a bhfuil Míchumais Ghinearálta Foghlama Éadroma (MGFE) acu idir na haoiseanna 12 bhliain agus 18 mbliana.



Tairgimid clár leathan sa tSraith Shóisearach le freastal ar riachtanais gach scoláire aonair. Forbraíonn gach scoil 8 bPríomhscil na Sraithe Sóisearaí agus bíonn teacht acu ar na 24 Ráiteas Foghlama trí ábhair, na CFL2nna agus na Gearrchúrsaí. Blaiseann ár scoláirí de na hAonaid Tosaíochta Foghlama uile ón CFL2 agus leanann siad Gearrchúrsaí Leibhéal 2 i gCúram Pearsanta, Aire d'Ainmhithe, Corpoideachas (CO), 'Fás é, Cócaráil é, Ith é' agus 'Cad as Mé, Cá bhfuil Mo Thriall?'. Clúdaímid Folláine ar an gclár ama trí Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS), Oideachas Sibhialta, Sóisialta agus Polaitiúil (OSSP), CO agus ár n-aonaid foghlama folláine.

Chláraigh muid ár scoil le haghaidh ardán Google an GSuite don Oideachas agus rinne muid infheistíocht in Chromebooks dár scoláirí. Tá súil againn ár scoil a bhogadh chuig leibhéil litearthacht dhigiteach níos airde sna blianta romhainn.

Tá na scoláirí agus an fhoireann ag foghlaim conas na hAipeanna Google a úsáid chun cur leis an bhfoghlaim a rinneadh sa rang agus í a dhaingniú agus rud an-tábhachtach, píosa spraoi a bheith ag ár scoláirí. Táimid ag iarraidh córas a fhorbairt chun fianaise ar fhoghlaim a bhailiú trí R-Phunanna do gach scoláire atá ag déanamh CFL2nna thar na trí bliana, agus roinnt den inneachar a chlúdach i bhfillteáin.

Bíonn ár scoláirí ag foghlaim trí rudaí a dhéanamh, turais, gníomhaíochtaí, imeachtaí a phleanáil, aoichainteoirí agus fiontair ranga. Déanann gach múinteoir soiléir ag tús an cheachta cad iad na hintinní foghlama agus athbhreithnítear an fhoghlaim ag deireadh an cheachta trí chóras 'ticéad amach'.

Táimid ag aithint go bhfuil scoláirí ag éirí cleachta anois leis an modh teagaisc seo agus in amanna fiafraíonn siad den mhúinteoir cad é an intinn foghlama sula dtosaíonn an ceacht. Feicimid, más ea, go bhfuil na straitéisí seo á leabú, de réir a chéile, inár scoil.







Tarlaíonn ceiliúradh na n-iarrachtaí uile ar Lá Bronnta an PGSS, a bhíonn ann de ghnáth i rith théarma an tsamhraidh an bhliain tar éis dóibh an tSraith Shóisearach a chur díobh. Is ansin a fheictear a gcuid éachtaí uile a rinneadh ar feadh thrí bliana na sraithe sóisearaí. Tá an rannán do Réimsí Eile Foghlama ar an PGSS an-tábhachtach don scoilphobal againne ós ann a logáiltear an bhaint a bhí ag na scoláirí leis an bpobal sin agus an ról dáiríre agus tábhachtach a bhí acu ann.

Taitníonn sé le teaghlaigh, múinteoirí agus CRSanna na scoláirí gur rud é an PGSS a thugtar amach i ngach scoil sa tír agus go gcuirtear iadsan san áireamh anois san ócáid seo. Sa tslí sin, tá an ionchuimsitheacht curtha chun cinn ag leasú na Sraithe Sóisearaí do na scoláirí sa scoil againne agus is forbairt í sin a bhfáiltítear go mór roimpi. Táimid ag tnúth le leasú den chineál céanna a fheiceáil ag an tSraith Shinsearach go luath sa todhchaí.

*Don Golden*
Príomhoide
Scoil Bernadette, Bonnington, Montenotte, Corcaigh.

**Breathnófar ar CFL2nna i scoil phríomhshrutha sa chéad eagrán eile de *JCToday*.**

Go nuige seo thug an fhoireann CFL2 againn cuairt ar 200 iar-bhunscoil. Dá mba mhaith leat clárú le haghaidh ceann dár gceardlanna dhá uair inscoile (le grúpaí beaga múinteoirí) don bhliain 2020 cuir do léiriú spéise in iúl trí chliceáil ar an gcnaipe oráiste CFL1anna / CFL2nna ar http://www.jctregistration.ie .



# FGL ETI(E)M, 2020

Is comhpháirtíocht roghnach í ETI(E)M sa tSraith Shóisearach idir an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí (SSM) agus páirtnéirí oideachais for-rochtana ó na fearainn ETIM agus na hEalaíona.
Is í a fís "Eispéiris shaibhre Foghlaim Ghairmiúil ETI(E)M a sholáthar do mhúinteoirí de réir na gcaighdeán is airde náisiúnta agus idirnáisiúnta, éascóidh an soláthar sin freagairtí idirdhisciplíneacha ar dhúshláin sa tsochaí i gcomhthéacsanna sainábhar agus traschuraclaim". Ta FGL ETI(E)M ar fáil do gach múinteoir a bhfuil spéis acu in oideachas ETIM agus ETI(E)M.

## STE(A)M CPD CALENDAR 2020

Dates and Venues January – April 2020

STEAM IN JUNIOR CYCLE
ELECTIVE CPD PROGRAMME
2020

### WHAT IS STE(A)M IN JUNIOR CYCLE?

STE(A)M in Junior Cycle is a nationwide elective CPD initiative. Our focus is on the provision of professional learning for all teachers with an interest in using societal challenges as a stimulus to engage within and across subject areas. This CPD is of interest to all teachers but some workshops may be of particular interest to teachers of Geography, Science, Mathematics, Home Economics, Applied Technology, Wood Technology, Engineering and Graphics.

### HOW TO REGISTER

Use the QR code to access live links to registration OR use the Education Centre URL (in the table below) to register through the relevant EC website for each workshop.

Follow us on Twitter:
*@JCTSteAm* for regular updates

| Junior Cycle for teachers IN PARTNERSHIP WITH | EVENT | 18TH JAN | 25TH JAN | 1ST FEB | 29TH FEB | 7TH MAR | 21ST MAR | 28TH MAR | 25TH APR |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| seai, iCRAG, Geological Survey | IS THE FUTURE OF URBANISATION GREEN? | Mayo Education Centre www.mayoeducationcentre.ie | | Laois Education Centre www.laoisedcentre.ie | | | Navan Education Centre www.ecnavan.ie | Cork Education Centre www.cesc.ie | |
| School of Pharmacy University College Cork, apc, BIAZA | BIODIVERSITY – THE FUTURE IS IN OUR HANDS! | Fota Wildlife Park www.cesc.ie | | Atlantiquarium, Galway www.galwayec.ie | | Dublin Zoo www.ecnavan.ie | | | Secret Valley Park Wexford www.ecwexford.ie |
| ADAPT, Amgen Biotech Experience | TECHNOLOGY, RESEARCH AND INNOVATION – CHOICES FOR THE FUTURE! | | | Drumcondra Education Centre www.ecdrumcondra.ie | Navan Education Centre www.ecnavan.ie | | Carrick -on-Shannon Education Centre www.carrickedcentre.ie | Kilkenny Education Centre www.eckilkenny.ie | |
| WorldWise Global Schools, AMBER | THE FUTURE OF OUR COMMUNITIES – SUSTAINABLE AND CONNECTED? | Kildare Education Centre www.eckildare.ie | Monaghan Education Centre www.metc.ie | | Wexford Education Centre www.ecwexford.ie | | Limerick Education Centre www.lec.ie | | |
| Design & Crafts Council Ireland, REDISCOVERY CENTRE | THE FUTURE OF STUFF! | | Rediscovery Centre, Dublin www.ecdrumcondra.ie | | | Kilkenny Education Centre www.eckilkenny.ie | | Kildare Education Centre www.eckildare.ie | Donegal Education Centre www.donegaled.centre.ie |
| SSPC, cúram | VOICE AND CHOICE – THE FUTURE OF HEALTH CARE? | | Sligo Education Centre www.ecsligo.ie | | | CÚRAM Centre Galway www.clared.ie | Laois Education Centre www.laoisedcentre.ie | | Athlone Education Centre www.athloneeducationcentre.com |
| Microsoft, Confirm Smart Manufacturing | TECHNOLOGY IN THE FUTURE: WITH GREAT POWER COMES GREAT RESPONSIBILITY! | | | University of Limerick | Microsoft Dream Space | Waterford Education Centre | | | Microsoft Dream Space |

Clár Laethúil: Clárú 9 – 9.15am. Tosaíonn ceardlann ag 9.15am. Críochnaíonn an t-imeacht ag 1.45pm.

# JCt4 - An tEolas is Déanaí

Bhí foireann Chomhairleoirí JCt4 gnóthach ag ullmhú ábhar agus ag éascú ceardlanna agus ócáidí roghnacha FGL 2019/2020. Idir lár Mheán Fómhair agus lár na Nollag, tugadh an deis do mhúinteoirí Teicneolaíocht Fheidhmeach a bheith páirteach i gceardlanna FGL, a dhírigh ar na forbairtí laistigh den tsonraíocht do Theicneolaíocht Fheidhmeach. Lena linn sin, thug ár bhfoireann Chomhairleoirí cuairt ar 23 ionad, gur éascaigh ceardlanna FGL le 275 múinteoirí.

Bhí na Comhairleoirí Innealtóireacht i láthair ag CCB agus Comhdháil Náisiúnta Chumann Mhúinteoirí Innealtóireachta agus Teicneolaíochta (ETTA) a reáchtáladh le gairid ar an Muileann gCearr. I rith an imeachta thug múinteoirí cuairt ar ár stainnín chun gach rud a phlé a bhain le hInnealtóireacht, Teicneolaíocht Fheidhmeach agus an tSraith Shóisearach. chuir múinteoirí spéis ar leith sna samplaí d'fhoghlaim scoláirí a bhí ar taispeáint. Rinne ceathrar dár múinteoirí comhlacha, ó gach cearn den tír, pleanáil ar Aonad Foghlama, bunaithe ar na ceithre thoradh foghlama chéanna.  B'iontach leo siúd a thug cuairt ar an stainnín na difríochtaí a fheiceáil in eispéiris foghlama na scoláirí ó na ceithre sheomra ranga nuair a cuireadh comhthéacs na scoile agus na hacmhainní a bhí ar fáil san áireamh a phleanáil do na haonaid foghlama.




Tá foireann Innealtóireachta JCt4 ag éascú ceardlanna FGL le múinteoirí faoi láthair i scoileanna tríd an gcnuas-samhail. Go dtí seo, chas muid le 256 múinteoirí Innealtóireachta ag 48 ionad ar fud na tíre. Ceann de na téamaí móra inár gcomhráite le múinteoirí is ea "Cén cuspóir atá le tionscadail i do sheomra ranga?" Díríonn na comhráite sin ar eispéiris foghlama a dhearadh a léiríonn Aidhm agus Réasúnaíocht na sonraíochta nua Innealtóireachta.

Tá na Comhairleoirí Teicneolaíocht Adhmaid gnóthach ag éascú ceardlanna FGL ar fud na tire de réir an mhúnla chnuasaigh. Go dtí seo, d'fhreastail 512 múinteoirí Teicneolaíocht Adhmaid ar ár gCeardlann FGL do 2019 / 2020. Is é téama na ceardlainne seo "Cén chaoi is fearr a bhfoghlaimíonn do chuid scoláirí?" Le linn na ceardlainne faigheann múinteoirí an deis amharc ar roinnt obair thionscadail a chruthaigh scoláirí le linn eispéiris foghlama a bhí de réir na Sonraíochta don Teicneolaíocht Adhmaid.

Tá foireann JCt4 ag forbairt ceardlanna FGL roghnach faoi láthair. Tá ceardlann tharraingteach roghnach forbartha ag Grafaic don Earrach 2020 a bheas ag díriú ar bhogearraí DRC néalbhunaithe mar uirlis teagaisc agus foghlama i seomra ranga na Grafaice. Tá lucht na n-ábhar eile ag cur bailchríoch ar a mbeidh á thairiscint acu. Is féidir fanacht ar an eolas faoi na forais seo, agus forais atá le teacht in JCt4 trí chlárú lenár liosta seoltaí agus muid a leanúint ar Twitter @JCt4ed.




Tá foireann Ghrafaice JCt4 ag dréim le bualadh le múinteoirí Grafaice sna míonna amach roimhainn.

Beidh FGL Ghrafaice 2019 / 2020 ar fáil sa bhliain úr in 60 ionad ar fud na tíre de réir mhúnla na nIonad Oideachais. Is féidir amharc ar gach dáta agus ionad anseo. Léiríonn an mapa seo an chaoi a bhfuil an ceardlanna scaipthe ar fud na tíre.

Déantar an clárú trí shuíomh gréasán cláraithe SSM ag www.jctregistration.ie. Cinntigh ar dtús go bhfuil do shonraí cláraithe ag bainistíocht / príomhoide na scoile nó ag an té a bhfuil uaireanta bainistíocht acmhainní aige i do scoil.  Tá corradh agus 1,400 múinteoir a chláraigh a gcuid sonraí go dtí seo.



# Acmhainní do Thuismitheoirí / Chaomhnóirí

Léiríonn na tacaí seo a leanas do cheannairí scoile amlínte chun dul i gcomhairle le tuismitheoirí / caomhnóirí maidir leis na hathruithe sa tSraith Shóisearach. Sa ré seo an neamhspleáchais mhéadaithe i scoileanna, ní mór do scoileanna a thabhairt le fios cén chuma a bheidh ar eispéireas na Sraithe Sóisearaí do bhur scoláirí in bhur scoil.

Tugtar roinnt acmhainní agus naisc le meáin lena n-áirítear físeáin, láithreoireachtaí Cumhacht-Phointe agus póstaeir is féidir a úsáid chun cur leis na bearta a dhéanann do scoil cheana chun eolas a scaipeadh faoin turas seo na Sraithe Sóisearaí leasaithe.

## An Turas Teagmhála le Tuismitheoirí

1. Réasúnaíocht
   Léargas ar an hAthruithe
2. Measúnú & Tuairisciú
3. Measúnuithe Rangbhunaithe
   Tascanna Measúnaithe


## Scéal Ár Scoile a Insint


- Ár bpróisis Mheasúnaithe agus Tuairiscithe
- Ár gClár Folláine
- Cén soláthar curaclaim atá sa scoil againn?
- Ár bhFís don tSraith Shóisearach
- An PGSS a cheiliúradh


Láithreoireacht Cumhacht-Phointe 1
Láithreoireacht Cumhacht-Phointe 2
Físeán Measúnaithe CNCM - Orla
Físeán Measúnaithe CNCM - Seán
Físeán MRB Béarla
Físeán CFL1
Físeán CFL2





## Bileoga / Póstaeir




Lean sinn ar Twitter

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
JuniorCYCLE for teachers

Junior Cycle for Teachers (JCT) Support Service

Administrative Office:
Monaghan Ed. Centre | Armagh Road | Monaghan
Tel.: 047 74008

Director's Office:
LMETB | Chapel Street | Dundalk
Tel.: 042 9364603